# COLÁISTE NA hOLLSCOILE CORCAIGH - OLLSCOIL NA hÉIREANN, CORCAIGH

## BEARTAS MAIDIR LE COMHLAIRLEOIREACHT, STIÚRTHÓIREACHTAÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHT ÍOCTHA EILE LASMUIGH DE COC

**Dréacht don UMTS 12 Eanáir 2012**

# 1. Réamhrá

Baineann ollscoileanna an-úsáid as comhairleoireacht chun eolas a aistriú agus a chur i bhfeidhm ar mhaithe leis an bpobal. Soláthraíonn siad sainseirbhísí comhairleoireachta agus cuireann siad eolas ar fáil trí shaintuairimí a chur ar fáil, trí chomhairle a chur maidir le ceisteanna teicniúla agus trí fhadhbanna a réiteach do chomhlachtaí seachtracha.  Cuireann seo le fás an gheilleagair agus sásaíonn sé riachtanais na sochaí i gcoitinne. Tá an chomhairleoireacht mar eiseamláir de ghníomhaíocht "fhor-rochtana" ina dtugann an Ollscoil tacaíocht do chaidreamh tairbheach le gnó agus le tionsclaíocht agus ina gcuireann sí an caidreamh céanna chun cinn.

***Buntáistí na comhairleoireachta don Ollscoil***

Sonraítear anseo thíos cuid de na buntáistí atá ann don Ollscoil de thoradh na comhairleoireachta:

- teagmhálacha, eolas agus dea-theist ar an institiúid;
- forbairt ar scileanna nua agus ar thaithí na foirne;
- gnóthachan airgid;
- inchur agus samplaí don teagasc agus don fhoghlaim;
- bunú clár taighde nua.

***Rioscaí don Ollsocil***

Sonraítear anseo thíos cuid de na rioscaí atá ann don Ollscoil de thoradh na comhairleoireachta:

- rioscaí tráchtála e.g. maoin intleachtúil na hinstitiúide a chailliúint nó acmhainní a úsáid gan dóthain torthaí (d'fhéadfadh seo dul i bhfeidhm ar ghníomhaíochtaí institiúideacha eile, foghlaim na mac léinn san áireamh);
- rioscaí acadúla e.g. bíonn brú ar an bhfoireann agus cúinsí a théann i bhfeidhm ar an bhfoireann, am agus iarrachtaí nó acmhainní eile na foirne a úsáid i réimsí eile nach teagasc nó taighde iad;
- rioscaí airgeadais e.g. úsáid mhíchuí cistí pobail le haghaidh teagaisc agus taighde, iniúchadh nó fiosruithe eile, dliteanais chánach nár beartaíodh;
- rioscaí margaidh e.g. droch-chomhairleoireacht ó thaobh bainistíochta nó cur i láthair de nó aon obair eile a théann i bhfeidhm ar chlú nó ar ioncam na hinstitiúide;
- riosca dleathach e.g. na dliteanais dhleathacha a d'fhéadfadh teacht gan choinne as gníomhaíochtaí na foirne;
- riosca do theist agus/nó neamhspleáchas na hOllscoile.

***Buntáistí na comhairleoireachta don Fhoireann Acadúil***

Sonraítear anseo thíos cuid de na buntáistí atá ann don fhoireann acadúil de thoradh na comhairleoireachta:

- teagmhálacha, eolas agus dea-theist ar na daoine bainteacha;
- forbairt ar scileanna nua agus ar thaithí na foirne;
- gnóthachan airgid;
- inchur agus samplaí don teagasc agus don fhoghlaim;
- bunú clár taighde nua.

***Rioscaí don Fhoireann Acadúil***
Sonraítear anseo thíos cuid de na rioscaí atá ann don fhoirean acadúil de thoradh na comhairleoireachta:

- brú ó thaobh ama de a rachadh i bhfeidhm ar a gcuid freagrachtaí teagaisc agus taighde;
- rioscaí gairmiúla: e.g. dea-theist a chailliúint (b'fhéidir de bharr an bhaint a bheadh acu le gníomhaíocht éigin nó glacadh le freagrachtaí nach bhfuil ina réimse cumais féin;
- gan an úsáid chuí a bhaint as a gcuid ama;
- a bheith faoi dhliteanais dhleathach (dliteanas gairmiúil);
- a bheith faoi dhliteanais chánach ar féidir a sheachaint;
- coinbhleachtaí leasa

Molann an Ollscoil don fhoireann taighde urraithe a lorg agus a bheith páirteach sa taighde céanna, dul i gcomhairle ar bhonn leathan, agus tabhairt faoi ghníomhaíochtaí a rachaidh chun tairbhe na rannpháirtithe, na hOllscoile agus an tsaoil mhóir. Cé go dtuigtear don Ollscoil go bhfuil buntáistí ag baint le gníomhaíochtaí dá leithéid, cuireann sí roimhe a bheith cinnte go ndéantar iad mar is cuí agus iad faoi réir ag prionsabail na hoscailteachta, na hiontaoibhe agus an fhiosruithe phobail, priosabail atá bunúsach ó thaobh neamhspleáchas agus leas na hOllscoile de agus ó thaobh bhainistíocht fhreagrach ghnó na hOllscoile de.

Is é polasaí na hOllscoile ná go bhfuil ceangal orthu seo leanas, foireann acadúil/riaracháin/taighde, agus daoine eile atá ag feidhmiú thar a ceann, coinbhleachtaí leasa eiticiúla, dleathacha, airgid agus coinbhleachtaí leasa eile nach iad a sheachaint agus deimhin a dhéanamh de nach dtéann a gcuid gníomhaíochtaí agus leasa i bhfeidhm ar a dhualgais don Ollscoil agus dá sochar. Is é bunchloch an pholasaí seo ná go bhfuil ceangal ar gach ball foirne san Ollscoil feidhmiú de réir leas na hOllscoile agus ní ceart dóibh ligean do ghníomhaíochtaí seachtracha ná do chúrsaí eile lasmuigh den Ollscoil, teacht salach ar an gceangal seo. Tá sé riachtanach na nithe seo leanas a dhéanamh chun an polasaí seo a riaradh agus a chomhlíonadh go héifeachtach:

- caithfidh baill foirne a chur in iúl d'Oifigigh Choláiste ainmnithe na gníomhaíochtaí seachtracha a bhfuil baint acu leo chomh maith le leas pearsanta, leas airgid san áireamh, a d'fhéadafadh coinbhleachtaí a chruthú, agus
- agus an t-eolas agus an chomhairle a chur ar fáil d'Oifigigh Choláiste maidir le cúinse ar bith a bhainfeadh le hábhar.

Anuas air sin faoi réir ag an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí ní mór don fhoireann a gcuid leasa a chur in iúl ar bhonn bliantúil roimh an 31 Eanáir don Oifig Gnóthaí Corparáideacha agus Dlithiúla agus don Uachtarán sa chás go dtarlaíonn an choinbhleacht i rith na bliana.

## 2. An Beartas go hAchomair

Cuirtear síos sa bheartas seo ar na cúinsí inar féidir leis an bhfoireann acadúil tabhairt faoi obair sheachtrach íoctha, ar mhaithe leo féin nó thar ceann na hOllscoile. Sonraítear ann na critéir maidir leis na cúinsí agus an faomhadh a ghabhann leo mar aon leis na slite tuairiscithe atá i gceist.

Féachtar sa Bheartas seo ar ghníomhaíochtaí gairmiúla seachtracha mar phribhléid agus ní mar cheart agus ní cóir go rachaidís i bhfeidhm ar dhualgais lán-aimseartha an bhaill foirne don Ollscoil. Ceadaítear do bhall foirne tabhairt faoi obair chomhairleoireachta a bhaineann leis an obair atá luaite ina c(h)onradh leis an Ollscoil, suas go dtí 20% dá c(h)uid ama. Glactar leis nach bhfuil seachtain oibre nó ualach oibre oifigiúil ag an bhfoireann acadúil. Ach chun críocha an Bheartais seo, is é atá i gceist le 20% ná lá amháin in aghaidh na seachtaine.

Tá an ceart ag an Ollscoil agus tá sé de dhualgas uirthi, í féin a chosaint ar chaillteanais de bharr go bhfuil baint rómhór ag ball foirne le hobair chomhairleoireachta agus aisíoc a lorg air/uirthi as a t(h)uarastal agus s(h)ochair chun an t-am a caitheadh ar an gcomhairleoireacht anuas ar an méid a fhoráiltear sa Bheartas seo, a chúiteamh.

Is iad na príomhghnéithe den pholasaí seo ná go bhfuil ceangal ar bhaill foirne (i) faomhadh a lorg sula dtéann siad i mbun comhairleoireachta, Stiúrthóireachtaí agus oibre íoctha eile lasmuigh de COC, agus (ii) tuairisceán bliantúil ar a gcuid gníomhaíochtaí a sholáthar.

## 3. Cuspóir agus Sainmhínithe an Bheartais

Ceadaíonn COC do bhaill na foirne acadúla tabhairt faoi chomhairleoireacht sheachtrach chun a gcuid cumais a leathnú agus a chaomhnú, chun bheith ar an eolas is déanaí maidir le forbairtí agus nuálaíocht i ngnó agus sna gairmeacha, agus chun tacú le geilleagar na hÉireann agus cáil na hOllscoile a fheabhsú, trí eolas eolaíochta agus acadúil na hollscoile a roinnt leis an bpobal gnó agus leis na gairmeacha.

Ar mhaithe le trédhearcacht agus le freagracht, tá sé tábhachtach go mbeadh an t-eolas ag an ollscoil maidir le cúrsaí tráchtála agus gairmiúla na foirne agus go mbeadh faomhadh oifigiúil tugtha do chomhairleoireacht sheachtrach, do stiúrthóireachtaí agus do ghníomhaíochtaí seachtracha eile. Ceaptar baill foirne acadúla ar an tuiscint gur féidir leo plé le hobair sheachtrach ar an mbonn go bhfuil cead faighte acu ón Uachtarán, nó óna (h)ainmnitheach, tar éis don Cheann Scoile/Roinne/Disciplín moladh a dhéanamh ina thaobh. Ar mhaithe leis an mBeartas seo, is é an Ceann Coláiste nó an Leas-Uachtarán Taighde agus Nuálaíochta ainmnitheach an Uachtaráin.

Déantar idirdhealú sa bheartas seo idir comhairleoireachtaí, Stiúrthóireachtaí agus gníomhaíochtaí a bhfuil díolaíocht á leanúint a dhéantar ar bhonn príobháideach lasmuigh de COC, agus na gníomhaíochtaí a dhéantar thar ceann na hOllscoile.

Is é atá i gceist le *Comhairleoireacht Phríobháideach* ná comhairleoireacht a dhéanann ball foirne ar bhonn *pearsanta*. Ní ceart ceannteidil a bheith ar litreacha na hOllscoile mar d'fhéadfadh san a thabhairt le tuiscint go bhfuil an Ollscoil ina conraitheoir. Is ar a bpriacail féin é aon obair a dhéanann baill foirne na hOllscoile as a stuaim féin agus ní mór dóibh idirdhealú soiléir a dhéanamh idir obair phríobháideach agus a gcuid dualgas Ollscoile. Níl sé ceadmhach saoráidí na hOllscoile a úsáid chun comhairleoireacht phríobháideach a chur ar fáil. Ní

chlúdaítear in árachas na hOllscoile gníomhaíochtaí comhairleoireachta príobháideacha.

Déanann ball foirne *Comhairleoireacht Ollscoile* thar ceann na hOllscoile. Tá sé ceadmhach seoladh, cleamhnacht, agus acmhainní na hOllscoile a úsáid. Clúdaítear i bpolasaithe árachais dilteanais agus slánaíochta na hOllscoile, baill foirne a bhíonn i mbun Comhairleoireacht Ollscoile, chomh fada is go bhfuil an Ollscoil ar an eolas mar gheall uirthi, trí na foirmeacha cuí a bheith comhlíonta, agus an faomhadh a bheith tugtha chun tabhairt faoin ngníomhaíocht sin.

Is í an bhliain acadúil (1 Deireadh Fómhair-30 Meán Fómhair) an tréimhse a chlúdaítear.

## 4. Raon an Bheartais

Baineann an beartas seo leis an bhfoireann acadúil bhuan agus shealadach[1] go léir atá san Ollscoil. Is ar bhonn *pro rata* a bhaineann cúrsaí ama an bheartais seo le foireann acadúil pháirt-aimseartha.

## 5. Beartas & Nósanna Imeachta

Ní mór do gach ball foirne a bhíonn i mbun comhairleoireachta nó gníomhaíocht ar bith eile ar bhonn trátchtála cead ***roimh ré*** a fháil óna C(h)eann Scoile/Roinne/Disciplín[2] agus ó Cheann an Choláiste trí fhoirm 2 a líonadh atá ar fáil aghttp://www.ucc.ie/en/SupportandAdministration/PoliciesandProcedures/Research/PolicyonConsultancyDirectorshipsandOtherRemuneratedActivityExternaltoUCC/FormsforAnnualConsultancyReturns/

Anuas air sin, ní mór do gach ball foirne acadúil gach comhairleoireacht agus gach gníomhacíocht tráchtála sheachtrach a chur in iúl i scríbhinn ar bhonn bliantúil (seachas tuairiscí 'nialas') dá C(h)eann Roinne/Scoile/Disciplín (féach nóta 2 thíos) agus do Cheann an Choláiste tríd an bhfoirm ag an nasc seo a chomhlíonadh: http://www.ucc.ie/en/SupportandAdministration/PoliciesandProcedures/Research/PolicyonConsultancyDirectorshipsandOtherRemuneratedActivityExternaltoUCC/FormsforAnnualConsultancyReturns/

Ní mór a nochtadh chomh maith comhairleoireacht agus gníomhaíochtaí tráchtála seachtracha eile atá faoi chaibidil.

---

1 Is iad na baill foirne acadúla ná Léachtóirí, Léachtóirí Sinsearacha, Ollúna Comlacha agus Ollúna

2 Chun críocha an bheartais seo, glactar leis nuair is cuí, go nochtfaidh baill foirne an t-eolas don Cheann Scoile/Roinne/Disciplín cuí agus go bhfaighidís cead uaidh/uaithi. Ba chóir foirmeacha comhlánaithe a chur faoi bhráid an Chinn Roinne/Scoile/Disciplín chuí agus a sheoladh chuig an Leas-Uachtarán Taighde agus Nuálaíochta. I gcás Institiúidí/Ionad/Aonad Taighde (RCIU), tá ról an Chinn Roinne/Scoile/Discplín ag an Stiúrthóir. Ba cheart don Cheann Scoile/Roinne Discplín faomhadh a fháil ó Cheann an Choláiste agus ón Leas-Uachtarán Taighde agus Nuálaíochta agus ón Leas-Uachtarán Sinsearach Acadúil.

Má theipeann ar bhaill foirne an fhoirm um ioncam bliantúil a chur isteach, agus iad dulta i mbun comhairleoireachta, d'fhéadfaidís a bheith faoi réir ag gníomh smachtaithe na hOllscoile.

Ní mór do bhaill foirne atá ag plé le gníomhaíochtaí comhairleoireachta nó le gníomhaíochtaí seachtracha eile cloí le téarmaí bheartas na hOllscoile maidir le Coinbhleacht Tiomantais agus Coinbhleacht Leasa (Conflict of Commitment and Commitment of Interest).

De ghnáth is leis an gcliant pé maoin intleachtúil (IP) a fhaightear as comhairleoireacht, ach ní mór a bheith aireach mar gheall ar IP na hOllscoile atá ann cheana féin. Mar shampla, d'fhéadfaí IP na hOllscoile atá ann cheana féin a thabhairt do chliaint, nó d'fhéadfadh deiseanna bheith ann chun torthaí a úsáid nó a fhoilsiú le cead an chliaint. Caithfear ceisteanna IP a phlé leis an Stiurthóir um Aistriú Teicneolaíochta.

Déantar idirdhealú idir an obair chomhairleoireachta a bhíonn ar bun ag ball foirne ar bhonn príobháideach faoi réir ag an mbeartas thuas (féach Roinn 6), agus an obair chomhairleoireachta a dhéanann ball foirne thar ceann na hollscoile. Tá beartas faoi réir na hoibre seo leagtha amach i Roinn 7 thíos.

### 5.1 Ioncam Bliantúil

Ní foláir do bhaill foirne acadúla foirm chomhlánaithe ar ioncam bliantúil (Foirm 1) a thabhairt dá gCeann Scoile/Roinne/Disciplín agus ansin do Cheann an Choláiste ina luaitear má bhí siad i mbun gníomhaíochtaí íoctha seachtracha arna gclúdach sa bheartas seo (nó más amhlaidh go bhfuil siad fós ina mbun). Is trí Oifig an Leas-Uachtaráin Taighde agus Nuálaíochta a eagraítear comhlánú na foirme seo. Má theipeann ar bhaill foirne an fhoirm um ioncam bliantúil a chur isteach (sna cásanna ina raibh siad i mbun comhairleoireachta) tá na Rialacháin sa roinn seo á sárú acu agus d'fhéadfadh gníomh smachtaithe a bheith i gceist faoi Mhír F de Phríomh-Statúid na hOllscoile.

Ní mór an chomhairleoireacht uile a dhéantar ar bhonn príobháideach agus thar ceann na hOllscoile a chur in iúl ar an bhfoirm um ioncam bliantúil. Is féidir an fhoirm um Ioncam Bliantúil (Foirm 1) a fháil ar shuíomh idirlín COC ag

http://www.ucc.ie/en/SupportandAdministration/PoliciesandProcedures/Research/PolicyonConsultancyDirectorshipsandOtherRemuneratedActivityExternaltoUCC/FormsforAnnualConsultancyReturns/

Níl ceangal ar bhaill foirne foirm a chomhlánú maidir le hioncam bliantúil don bhliain chuí mura raibh i mbun gníomhaíochtaí comhairleoireachta mar atá siad sainmhínithe sa bheartas seo. **Mura gcomhlánaíonn baill foirne foirm maidir le hioncam bliantúil tuigtear don Ollscoil gur dearbhú é seo nach bhfuil aon ghníomhaíocht chomhairleoireachta déanta acu don tréimhse sin.** Ceangal conartha is ea é seo agus tá an fhreagracht ar gach ball foirne cloí leis an gceangal seo.

Má theipeann ar bhaill foirne an fhoirm um ioncam bliantúil a chur isteach, agus iad dulta i mbun comhairleoireachta, d'fhéadfaidís a bheith faoi réir ag gníomh smachtaithe na hOllscoile.

## 6. Comhairleoireacht Phríobháideach

Ní ceart acmhainní na hOllscoile a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí comhairleoireachta príobháidí ar nós na n-acmhainní seo leanas: spás, trealamh, áiseanna, IP (mar chúlra) agus lógó/teideal srl. agus níl siad clúdaithe in árachas slánaíochta na hOllscoile.

I gcás comhairleoireachta príobháidí, níl sé ceadmhach stáiseanóireacht nó saoráidí na hOllscoile a úsáid ar eagla go gceapfaí gurb í an Ollscoil an conraitheoir. Is ar a bpriacail féin é aon obair a dhéanann baill foirne na hOllsocile as a stuaim féin agus ní mór dóibh idirdhealú soiléir a dhéanamh idir obair phríobháideach agus a gcuid dualgas Ollscoile.

Tá an ball foirne féin freagrach as an ioncam ó chomhairleoireacht phríobháideach a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim.

Ceadófar comhairleoireacht sheachtrach agus gníomhaíochtaí íoctha eile a dhéantar ar bhonn *príobháideach* agus faoi réir ag na pointí seo leanas:

- Baineann na gníomhaíochtaí leis an bhfoireann ar bhonn acadúil agus gairmiúil.
- Ní thógann na gníomhaíochtaí seachtracha níos mó ná 20% den am oibre.
- Ní chuireann gníomhaíochtaí seachtracha isteach ar ghnáthdhualgais acadúla agus bíonn siad faofa ag an gCeann Roinne/Scoile
- Ní bhíonn aon choinbhleacht leasa i gceist le gníomhaíochtaí seachtracha don bhall foirne féin nó don ollscoil
- Ní bhíonn aon dliteanas ionadach i gceist don Ollscoil

Nuair a théann baill foirne i mbun oibre comhairleoireachta ar bhonn príobháideach, níl siad clúdaithe ag beartas árachais slánaíochta gairmiúla na hollscoile agus bheadh orthu a gcuid árachais féin a bheith acu.

Ní ceart a chur in iúl ar an ábhar a chuirtear ar fáil do chliaint nó sna geallúintí a dhéantar go bhfuil an Ollscoil ag tacú le tionscadal comhairleoirachta príobháidí ar bith ná go bhfuil sí á fhaomhadh agus ní ceart fíorchonradh a chruthú leis an Ollscoil ná a thabhairt le tuisicnt go bhfuil conradh i gceist. Má dhéantar éileamh in aghaidh na hOllscoile nó in aghaidh árachas na hOllscoile de dheasca comhairleoireachta príobháidí, d'fhéadfadh gníomh smachtaithe a bheith i ndán don fhostaí faoi Mhír F de Phríomh-Statúid na hOllscoile.

### 6.1 Iarratais ar Fhaomhadh

Ní mór cead a fháil roimh ré ón gCeann Scoile/Roinne/Disciplín chun tabhairt faoi obair sheachtrach a fháil, agus caithfidh an obair a bheith faofa ag Ceann an Choláiste ***sula*** sínítear conradh ar bith idir an ball foirne agus an cliant. Is féidir an

fhoirm iarratais chuí (Foirm 2) a fháil ar shuíomh idirlín COC. Cuirfear i gcuimhne do bhaill foirne go gcaithfidh siad cead a lorg gach bliain ó Oifig an Leas-Uachtaráin Taighde agus Nuálaíochta.

Is ar bhonn na gcoinníollacha seo leanas a thabharfar cead chun dul i mbun comhairleoireachtaí príobháideacha:

- Tá sé curtha in iúl go soiléir ag an mball foirne don chliant go bhfuil sé/sí ag feidhmiú mar dhuine aonair agus ní mar ghníomhaire nó mar fhostaí de chuid na hollscoile.
- Úsáidtear seoladh príobháideach an bhaill foirne le haghaidh an chomhfhreagrais go léir. Ní féidir ceannteidil litreacha nó stáiseanóireacht de chuid na hollscoile a úsáid.
- Ní úsáidtear saoráidí na hOllscoile. Ní bheidh an ollscoil freagrach as an obair agus tá seo curtha in iúl go soiléir ag an gcliant don bhall foirne. (Is féidir le baill foirne árachas slánaíochta gairmiúla a thógaint amach ar bhonn príobháideach d'fhonn a gcuid dliteanas féin a chlúdach.)
- Ó thaobh cánach de, déanann baill foirne féin a gcuid ioncaim, a fhaigheann siad ó chomhairleoireacht phríobháideach, a dhearbhú mar dhaoine féinfhostaithe.

Maidir leis an bhfaomhadh chun obair a dhéanamh lasmuigh is féidir leis na Cinn Coláiste deireadh a chur leis nó é a leasú má thuigtear dóibh nach bhfuil an obair lasmuigh oiriúnach do na dualgais atá i gconradh an bhaill foirne.

Má thugtar faoi obair lasmuigh gan cead a lorg, sáraítear téarmaí na Rialachán atá sa roinn seo agus d’fhéadfadh Beartas Nósanna Imeachta Smachtaithe na hOllscoile teacht i bhfeidhm.

Ba cheart do bhaill foirne a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé ceadmhach tabhairt faoi thrádáil phríobháideach ná faoi ghníomhaíochtaí comhairleoireachta i limistéar na hollscoile, agus nach bhfuil sé ceadmhach a thabhairt le tuiscint go bhfuil aon bhaint ag na gníomhaíochtaí céanna leis an ollscoil.

# 7. Comhairleoireacht Ollscoile

Nuair a thugann baill foirne faoi chomhairleoireacht thar ceann na hollscoile, bíonn tiomantas conartha don ollscoil i gceist agus ní mór e seo a shocrú, tar éis dóibh cead a fháil ó Cheann an Coláiste trí Oifig an Leas-Uachtaráin Taighde agus Nuálaíochta.

### 7.1 Sochair do bhaill foirne i mbun Comhairleoireacht Ollscoile

Gheobhaidh baill foirne a bhíonn i mbun Comhairleoireacht Ollscoile tacaíocht ón Ollscoil faoina réir seo leanas:

- Costáil tionscadal
- Aontú conarthaí
- Saoráidí na hOllscoile a úsáid
- Maoirseacht
- Bainistiú Airgeadais

- Árachas slánaíochta

**7.2 Coinníollacha**

Ba cheart na nósanna imeachta seo leanas a leanúint le haghaidh gach tionscadal comhairleoireachta nua:

- Chun dul i mbun comhairleoireachta, ní mór cead a fháil ón gCeann Roinne/Scoile a chinnteoidh go bhfuil na socruithe foirne atá molta oiriúnach do riachtanais an tionscadail agus an chliaint agus go bhfuil an bonneagar cuí ag an Ollscoil d'fhonn a leithéid de thionscadal a dhéanamh.
- Caithfear téarmaí tagartha soiléire a bheith ag an tionscadal .i. clocha míle, cuspóirí agus spriocanna, agus ní mór na téarmaí tagartha seo a aontú le hOifig an Leas-Uachtaráin Taighde agus Nuálaíochta.
- Ba chóir na tionscadail chomhairleoireachta uile a bhunú ar thograí a bhfuil costáil iomlán déanta orthu arna bhfaomhadh ag Oifig an Leas-Uachtaráin Taighde agus Nuálaíochta.
- Caithfear dul i gcomhairle leis an Stiúrthóir ar Aistriú Teicneolaíochta maidir le ceisteanna maoine inlteachtúla.
- Ní mór conradh ar leith a bheith ann mar thaca do gach tionscadal comhairleoireachta.
- Ba cheart gach tionscadal comhairleoireachta a phróiseáil trí chuntas taighde.
- Ba chóir soláthar CBL a dhéanamh ag an ráta reatha agus é a ghearradh ar an gcomhlacht maoinithe.

**7.3 Faomhadh**

Ní mór cead a fháil roimh ré ón gCeann Scoile/Roinne/Disciplín chun tabhairt faoin obair sheachtrach a fháil, agus caithfidh an obair a bheith faofa ag Ceann an Choláiste ***sula*** sínítear conradh ar bith idir an ball foirne agus/nó an ollscoil agus an cliant. Is féidir an fhoirm iarratais chuí (Foirm 2) a fháil ar shuíomh idirlín COC ag http://www.ucc.ie/en/SupportandAdministration/PoliciesandProcedures/Research/PolicyonConsultancyDirectorshipsandOtherRemuneratedActivityExternaltoUCC/FormsforAnnualConsultancyReturns/

Cuirfear i gcuimhne do bhaill foirne go gcaithfidh siad cead a lorg gach bliain ó Oifig an Leas-Uachtaráin Taighde agus Nuálaíochta.

Déanfar comhairleoireacht ollscoile a fhaomhadh faoi réir acu seo leanas:

- Baineann na gníomhaíochtaí leis an bhfoireann ar bhonn acadúil agus gairmiúil.
- Ní thógann na gníomhaíochtaí seachtracha níos mó ná 20% den am oibre.
- Ní chuireann gníomhaíochtaí seachtracha isteach ar ghnáthdhualgais acadúla agus bíonn siad faofa ag an gCeann Scoile/Roinne/Disciplín.

Chomh luath agus a bheidh an t-aontú comhairleoireachta faofa, is féidir leis an mball foirne acmhainní na hOllscoile a úsáid agus tá an ball foirne clúdaithe ag árachas slánaíochta gairmiúla na hOllscoile.

**7.4 Díolaíocht maidir le costais thánaisteacha**

Nuair a thosóidh tréimhse an chonrartha, bainfear díolaíocht maidir le costais thánaisteacha. Beidh an díolaíocht seo bunaithe ar mhaoiniú comhairleoireachta, agus ní bheidh costais taistil ná costais thánaisteacha eile i gceist léi seo. Clúdóidh cuid den díolaíocht seo na costais a bhaineann leis an árachas slánaíochta gairmiúla a íocann an Ollscoil thar ceann na dtaighdeoirí a bheidh ag plé leis an tionscadal.

**7.5 Díolaíocht do bhall foirne**

Ní mór díolaíocht do bhaill foirne a bheith údaraithe ag an gCeann Scoile/Roinne/Discplín sula gcuirtear í faoi bhráid Cheann an Choláiste le faomhadh agus ina dhiaidh sin faoi bhráid an Choiste Airgeadais le faomhadh. Déanfaidh an Ollscoil an díolaíocht, faoi réir ag an mBeartas Comhairleoireachta Conartha Taighde, tríd an gcóras párolla.

**7.6 Gáth-Chaidreamh Acadúil Seachtrach**

De ghnáth bíonn baill foirne acadúla ag plé le roinnt gníomhaíochtaí acadúla lasmuigh den ollscoil agus bíonn orthu an bhaint atá acu leis an ollscoil a úsáid mar aon le hacmhainní agus árachas slánaíochta b'fhéidir. Baineann coinníollacha níos simplí leis na gíomhaíochtaí seo, eadhon:

- Ní mór cead a fháil roimh ré ón gCeann Scoile/Roinne/Disciplín chun dul i mbun na comhairleoireachta.
- Ní mór gníomhaíochtaí seachtracha uile a liostáil ar an bhfoirm maidir le hioncam bliantúil.

Is iad seo leanas samplaí de Ghnáth-Chaidreamh Acadúil Seachtrach:

- Léachtaí a thabhairt in áiteanna eile ar bhonn fánach
- Leabhair agus ábhar litríochta fánach a scríobh
- Scrúdúchán Seachtrach
- Ballraíocht ar bhoird agallaimh
- Eagarthóireacht ar irisí
- Gníomhaíochtaí athbhreithnithe an AE
- Athbhreithniú taighde in eagraíochtaí eile

# 8. Leas a Nochtadh

Má bhíonn baill foirne ag lorg ceada chun baint a bheith acu le húinéireacht nó le smacht ar chomhlacht príobháideach, ní mór dóibh é sin a chur in iúl do Cheann an Choláiste agus a rá cé chomh mór is a bheidh an bhaint sin .i. an cineál agus an méid idirbheartaíochtaí a bheidh idir an Ollscoil agus an comhlacht. Dár lenár bPríomh-Staitiúid i Mír F.2(8): ní ceart don bhaill foirne aon bhaint a bheith acu le fostaíocht nó le gairm nach mbaineann lena guid dualgas dar leis an gCoiste Rialaithe (staff are **"not to engage in any employment or profession which the Governing Body shall judge to be inconsistent with his or her duties");**

# 9. Stiúrthóireachtaí

Maidir le Stiúrthóirechtaí ar Chomhlachtaí san Earnáil Phoiblí[3], tá sé aontaithe leis an ÚAO gur féidir le duine amháin táillí Stiúrthóra a fháil ó chomhlacht nó ó eagraíocht amháin faoi réir ag na coinníollacha seo leanas:

- Ní cuid, nó cuid bhreise, de ghnáthdhualgais an ofigigh na dualgais a bheidh i gceist.
- Má chloítear go docht leis an bprionsabal duine amháin-tuarastal amháin go ndéanfaí scileanna atá ar an ngannchuid a dhiúltú don Stát.
- Ní cheadófar díolaíocht ach don aon cheapachán breise amháin.
- Go leagfaidh an Roinn Seirbhíse Poiblí amach na nósanna imeachta go mion agus go mbeadh ar an Roinn seo cead a thabhairt maidir le díolaíochtai breise i ngach cás.
- Ní rachaidh an díolaíocht thar an ngnáth-tháille ar ghníomhaíocht i gcás ar bith.
- Beidh teorainn de théarma amháin nó de chúig bliana leis an díolaíocht seo, pé acu is faide.

Ní ceart glacadh, gan cead iomlán a bheith faighte ón Uachtarán, le stiúrthóireacht ar bith má roghnaítear/ainmnítear baill foirne de bharr a róil mar bhall foirne i COC.

## Aguisín A: Sainmhínithe

***Comhairleoireacht Phríobháideach***

- Arna déanamh ag ball foirne ar bhonn pearsanta.
- De ghnáth, díoltar an comhairleoir go díreach (ní an Ollscoil).
- Ní ceart ceannteidil a bheith ar litreacha na hOllscoile agus níl sé ceadmhach áiseanna na hOllscoile a úsáid mar d'fhéadfadh san a thabhairt le tuiscint go bhfuil an Ollscoil ina conraitheoir.
- Is ar a bpriacail féin é aon obair a dhéannann baill foirne na hOllscoile *as a stuaim féin* agus ní mór dóibh idirdhealú soiléir a dhéanamh idir obair phríobháideach agus a gcuid dualgas Ollscoile.

***Comhairleoireacht Ollscoile***

- Tá sé ceadmhach seoladh, cleamhnacht, agus acmhainní na hOllscoile a úsáid.
- Clúdaítear i bpolasaithe árachais dilteanais agus slánaíochta na hOllscoile baill foirne a bhíonn i mbun Comhairleoireacht Ollscoile, chomh fada is go

[3] Comhlachtaí Státurraithe atá i gceiste leo seo den chuid is mó. Sainmhíníodh i dTuairisc Devlin iad mar aon chomlacht neamhspleách poiblí a bhfuil Bord aige arna cheapadh ag an Rialtas chun feidhmeanna an Rialtais a chur i gcrích. Maidir le Stiúrthóireachtaí ar chomhlachtaí nach bhfuil san earnáil phoiblí, Comhlachtaí Poiblí, Comlachtaí Príobháideacha agus Comhlachtaí Teaghlaigh san áireamh, pléitear leo san mar obair lasmuigh agus bainfidh na critéir maidir le hobair lasmuigh leo siúd chomh maith.

bhfuil an Ollscoil ar an eolas mar gheall uirthi, tríd an bhfoirm chuí a bheith comhlíonta.

- Arna déanamh ag an mball foirne thar ceann na hOllscoile.
- Téann an díolaíocht isteach i gcuntas taighde de chuid na hOllscoile de ghnáth.
- I gcás "Gnáth-Chaidreamh Acadúil Seachtrach" (féach Mír 7.6), is féidir an ball foirne féin a dhíol.

## Aguisín B: Údarás Sínithe

Chun eolas a fháil mar gheall orthu siúd i measc lucht bainistíochta na hOllscoile ar cheart dul i gcomhairle leo d'fhonn conarthaí comhairleoireachta a fhaomhadh, féach

http://ocla.ucc.ie/LegalAffairs/SigningAuthorityFeb2011.pdf

## Aguisín C: Beartas um Chomhairleoireacht Taighde Conartha

Is féidir beartas na hOllscoile maidir le díolaíocht comhairleoireacht taighde a léamh ag:

http://www.ucc.ie/en/financeoffice/

## Tagairtí

Devlin Liam St. J., Review Body on Higher Remuneration in the Public Sector, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1979. P.10